

**GLAO AR LÉIRITHE SPÉISE  
DO GHNÍOMHAIRÍ AR CONRADH**

**TAIGHDEOIRÍ – GRÚPA FEIDHME IV**

**Próifíl 1: Eolaíochtaí Nádúrtha**

**Próifíl 2: Eolaíochtaí Cainníochtúla**

**Próifíl 3: Eolaíochtaí Daonna agus Sóisialta**

**Próifíl 4: Eolaíochtaí Talmhaíochta, Comhshaoil agus Domhain**

**Próifíl 5: Eolaíochtaí Sláinte**

**EPSO/CAST/S/5/2013**

**I. RÉAMHRÁ**

Ar iarraidh ón gCoimisiún Eorpach agus go háirithe ón Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC), tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirme (EPSO) ag seoladh nós imeachta roghnúcháin chun bunachar sonraí d'iarthóirí ar éirigh leo a chur ar bun chun baill foirne taighde ar conradh a earcú as (Gníomhairí ar Conradh GF IV) a bhfuil na próifílí thuasluaite acu chun acmhainn dhaonna bhreise a sholáthar.

Is é an Coimisiún Eorpach agus go háirithe an tAirmheán Comhpháirteach Taighde is mó a mbeidh gnó acu den bhunachar sonraí d'iarthóirí ar éirigh leo. **Is sa JRC a bheidh formhór na bpost ar fáil, i gceanncheathrú na n-institiúidí seo a leanas:**

**An Institiúid um Ábhar Tagartha agus Tomhais (IRMM), in Geel na Beilge**

**An Institiúid um Dhúile Trasúránacha (ITU), in Karlsruhe na Gearmáine**

**An Institiúid um Fhuinneamh agus Iompar (IET), in Petten na hÍsiltíre**

**An Institiúid um Chosaint agus Slándáil an tSaoránaigh (IPSC) in Ispra na hIodáile**

**An Institiúid um an gComhshaoil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe (IES) in Ispra na hIodáile**

**An Institiúid um Shláinte agus um Chosaint Tomhaltóirí (IHCP), in Ispra na hIodáile**

**An Institiúid um Staidéar ar Ionchais Teicneolaíochta (IPTS), in Sevilla na Spáinne**

**Bainistíocht Láithreán Ispra (ISM), in Ispra na hIodáile**

Tairgfear roinnt post sa Bhruiséil sna hArd-Stiúrthóireachtaí (ASanna) seo a leanas:

**AS na Líonraí Cumarsáide - an Coimisiún Eorpach**

**(DG CONNECT)**

**AS an Taighde agus na Nuálaíochta - an Coimisiún Eorpach**

**(DG RTD)**

**AS na Sláinte agus na dTomhaltóirí - an Coimisiún Eorpach**

**(DG SANCO)**

Ag seo garmheastachán ar an líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo a bheidh de dhíth don tréimhse 2013–2014:

Próifíl 1: Eolaíochtaí Nádúrtha	100
Próifíl 2: Eolaíochtaí Cainte	180
Próifíl 3: Eolaíochtaí Daonna agus Sóisialta	150
Próifíl 4: Eolaíochtaí Talmhaíochta, Comhshaoil agus Domhain	110
Próifíl 5: Eolaíochtaí Sláinte	60

**Ní fhéadfaidh iarrthóirí iarratas a chur isteach ach ar aon cheann amháin de na próifíilí atá luaite sa Ghlaó seo.**

**Dícháileofar iarrthóirí a chuirfidh níos mó ná aon iarratas amháin isteach.**

Faoi réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá an caidreamh oibre leis na hInstitiúidí Eorpacha. Tá na coinníollacha oibre ar fáil ina n-iomláine ar líne ag <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20100101:EN:PDF> (Caibidil IV, Ich 172).

Na forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le coinníollacha fostaíochta ball foirne ar conradh arna bhfostú ag an gCoimisiún, tá siad ar fáil ag: [http://europa.eu/epso/doc/rules\\_ca\\_comm\\_en.pdf](http://europa.eu/epso/doc/rules_ca_comm_en.pdf).

## II. DUALGAIS<sup>1</sup>

Déanfaidh baill foirne taighde ar conradh (Gníomhairí ar Conradh FG IV), faoi mhaoirseacht eolaí shinseartha, na cúraimí a bhíonn ag baill d'fhoireann taighde.

Beidh roinnt áirithe de na cúraimí seo a leanas ag gabháil le gach próifíl thuasluaite:

- Obair shaotharlainne
- Múnú agus ionsamhlú
- Forbairt bogearraí
- Anailís ar bheartais
- Ullmhú tuarascálacha agus foilseachán
- Torthaí a chur i láthair ag comhdhálacha, ag seimineáir agus ag cruinnithe
- Taighde, turgnaimh agus forbairtí eolaíochta agus teicniúla a cheapadh agus a dhéanamh
- Féachaint chuige go bhfuil faisnéis agus sonraí atá eolaíoch agus cothrom le dáta ar fáil chun tacú le clár thaighde Eorpacha
- Páirt a ghlacadh, ar bhonn eolaíoch iontaoifa, i bpróiseas cinnteoireachta
- Príomhghéithe de ghníomhaíochtaí an tionscadail agus na torthaí a thiocfaidh astu a chur i láthair, páirt a ghlacadh i mbearta craobhscaoilte
- Tuarascálacha, ailt agus páipéir chomhdhála a scríobh, a fhoilsiú agus a chur i láthair
- Tacú leis na gníomhaíochtaí uile a bhaineann le bainistiú iarratas ar údarú margaíochta agus leis an obair leantach ina leith
- Cúnamh a thabhairt ó thaobh comhairle eolaíoch agus prótacail a ullmhú
- Doiciméadacht theicniúil a ullmhú
- Tacú leis na gníomhaíochtaí uile a bhaineann le faireachán ar dhea-chleachtas mhonaraíochta, ar dhea-chleachtas saotharlainne agus ar dhea-chleachtas chliniciúla

<sup>1</sup> Na próifíilí a bhfuil cur síos orthu sa Ghlaó seo, is leaganacha simplithe iad de na próifíilí cineálacha a úsáidfeadh agus conarthaí á ndruchtú. Tá na leaganacha simplithe seo curtha ar fáil chun críocha faisnéise agus níl siad ceangailteach ó thaobh dlí.

- Bheith i gcaidreamh le húdaráis náisiúnta agus le húdaráis réigiúnacha a bhíonn ag plé le saincheistanna taighde san Aontas Eorpach
- Páirt a ghlacadh i bpainéil a dhéanann meastóireacht ar thionscadail taighde
- Measúnú a dhéanamh ar thuarascálacha eolaíocha
- Saineolaithe agus baill painéil i réimse an taighde a shainaithe.

### III. CLÁR AMA TÁSCACH AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Is é seo a leanas **garmheastachán ar** chlár ama an nós imeachta roghnaithe:

Céim	Dáta
Tréimhse chlárúcháin	29 Eanáir 2013 – 1 Márta 2013
Roghnú ar bhonn cáilíochtaí (más infheidhme)	Márta-Aibreán 2013
Triail inniúlachta	Aibreán–Bealtaine 2013 (i gcás gan roghnú ar bhonn cáilíochtaí a dhéanamh) Meitheamh 2013 (i gcás roghnú ar bhonn cáilíochtaí a dhéanamh)
Tarchur torthaí na dtrialacha chuig na hiarrthóirí	Meitheamh 2013 (i gcás gan roghnú ar bhonn cáilíochtaí a dhéanamh) Meitheamh 2013 (i gcás roghnú ar bhonn cáilíochtaí a dhéanamh)

### IV. INCHÁILITHEACTH

Ar an dáta deiridh atá leagtha síos don chlárúchán ar líne, ní mór duit na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

#### **A. Coinníollacha ginearálta**

- (a) Bheith i do shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de cheann de thíortha comhlachaithe an 7ú Creatchlár Taighde<sup>2</sup>.
- (b) Do chearta go léir mar shaoránach a theachtadh.
- (c) Aon oibleagáid dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat.
- (d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun na dualgais i gceist a dhéanamh.

#### **B. Íoschoinníollacha sonracha - Oideachas/taithí**

Oideachas is comhionann le cúrsa ollscoile trí (3) bliana ar a laghad agus céim bainte amach ag a dheireadh agus

- (a) Taithí oibre cúig (5) bliana ar a laghad i gceann de na réimsí atá liostaithe thíos

nó

- b) céim dhochtúireachta i gceann de na réimsí atá liostaithe thíos. Féadfaidh iarrthóirí nár chosain a

<sup>2</sup> An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chróit, an Eilbhéis, Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine agus na Seirbia, an Iorua, an Íoslann, Iosrael, Lichtinstéin, Montainéagró, Poblacht na Moldóive, Oileáin Fharó, an Tuirc

dtéis dhochtúireachta fós iarratas a chur isteach ar choinníoll go mbeidh céim dhochtúireachta bainte amach acu faoin am a thabharfar cuireadh dóibh chun agallaimh mar atá luaite i bpointe IX.

Bitheolaíocht  
Ceimic  
Eolaíochtaí Nádúrtha  
Eolaíochtaí Beatha  
Bithcheimic  
Aigéaneolaíocht/Eolaíochtaí Muirí  
Nanaitheicneolaíocht, Nanaibhiteicneolaíocht  
Tréidliacht  
Innealtóireacht  
Matamaitic  
Fisic  
Ríomheolaíochtaí  
Staidreamh  
Eolaíochtaí Ábhartha  
Eacnamaíocht  
Eolaíochtaí Polaitiúla  
Eolaíochtaí Sóisialta  
Eolaíochtaí Oideachais  
Síceolaíocht  
Tíreolaíocht  
Eolaíochtaí Comhshaoil  
Eolaíochtaí Talmhaíochta  
Innealtóireacht Talmhaíochta  
Meitéareolaíocht  
Éiceolaíocht  
Foraoiseacht  
Geolaíocht  
Eolaíochtaí Hidreolaíochta  
Eolaíochtaí Leighis  
Cógaisíocht  
Eolaíochtaí Cothúcháin

Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí arna n-eisiúint ag Ballstáit den AE nó le cáilíochtaí a aithníonn na Ballstáit ábhartha den AE a bheith comhionann leo. I gcásanna céimeanna arna n-eisiúint i stát nach Ballstát den AE é, féadfar iarraidh ar an iarrthóir an doiciméad ábhartha inchomparáideachta arna eisiúint ag údarás aitheanta a sholáthar.

### **C. Eolas ar theangacha**

- |                             |  |
|-----------------------------|--|
| <b>(a) Teanga 1</b><br>agus | An phríomhtheanga: sáreolas (leibhéal C1 <sup>3</sup> ) ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh <sup>4</sup> .          |
| <b>(b) Teanga 2</b>         | eolas sásúil (leibhéal B2 <sup>5</sup> ) ar an nGearmáinis, ar an mBéarla nó ar an bhFraincis (nach ionann í agus teanga 1 thuasluaite). |

<sup>3</sup> Féach an eangach thagartha ar shuíomh gréasáin Europass ag an seoladh seo a leanas:

[http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp?loc=en\\_EN](http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp?loc=en_EN).

<sup>4</sup> Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: BG (an Bhulgáiris), CS (an tSeicis), DA (an Danmhairgis), DE (an Ghearmáinis), EL (an Ghréigis), EN (an Béarla), ES (an Spáinnis), ET (an Eastóinis), FI (an Fhionlainnis), FR (an Fhraincis), GA (an Ghaeilge), HU (an Ungáiris), IT (an Iodáilis), LT (an Liotuáinis), LV (an Laitvis), MT (an Mháltais), NL (an Ollainnis), PL (an Pholainnis), PT (an Phortaingéilis), RO (an Rómáinis), SK (an tSlóvaicis), SL (an tSlóivéinis) nó SV (an tSualainnis).

I gcomhréir leis an mbreithiúnas a thug cúirt an AE (an Mór-Dhlísheomra) uaithi i gCás C-566/10 P, Poblacht na hIodáile v Coimisiún, tá sé de cheanglas ar institiúidí an AE a shonrú cé hiad na fáthanna a shonrú a bhfuil rogha an dara teanga teoranta acu chuig líon srianta de theangacha oifigiúla de chuid an AE.

Dá bhrí sin, cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh dara teangacha an chomórtais seo de réir leas na seirbhíse, leas a éilíonn go mbeidh na hearcaigh nua in ann dul i mbun oibre láithreach agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn a n oibre laethúla. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór le hobair na n institiúidí.

Ar bhonn an chleachtais sheanbhunaithe atá ag institiúidí an Aontais maidir leis na teangacha cumarsáide inmheánacha, agus riachtanais na seirbhísí maidir le cumarsáid sheachtrach agus próiseáil comhad á gcur san áireamh, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na teangacha is mó a úsáidtear. Ina theannta sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is mó i bhfad amach a roghnaíonn na hiarrthóirí sna comórtais, nuair is fúthu a bhíonn roghnú an dara teanga. Is léiriú é sin ar an leibhéal oideachais agus ar na hinniúlachtaí gairme ar féidir bheith ag súil leo ó na hiarrthóirí ar na poist laistigh d'institiúidí an Aontais, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad. Dá bhrí sin, agus leas na seirbhíse agus riachtanais agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí á gcur sa mheá, agus sainréimse an chomórtais seo á chur san áireamh, tá ábhar maith ann trialacha a eagrú sna trí theanga sin chun a chinntiú go mbeidh sáreolas ag na hiarrthóirí uile, is cuma cén phríomhtheanga atá acu, ar cheann de na trí theanga oifigiúla sin ar leibhéal teanga oibre. Ina theannta sin, chun go mbeidh cothrom iomaíochta ann, ní mór do gach iarrthóir, fiú má tá ceann de na trí theanga sin ina phríomhtheanga oifigiúil aige, an triail sin a dhéanamh sa dara teanga, teanga a bheidh le roghnú as na trí theanga sin. Mar sin, tugann an measúnú ar na hinniúlachtaí sonracha deis d'institiúidí an Aontais a mheas cé chomh hábailta is atá na hiarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n iarrfar orthu bheith ag obair. Tá na bearta seo gan dochar d'fhoghlaim thríú teanga ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 45, mír 2 de na Rialacháin Foirne.

Ní féidir do rogha teangacha a athrú i ndiaidh duit an fhoirm iarratais ar líne a bhailíochtú.

**N.B. Má thugtar cuireadh chun agallaimh duit féachaint tú a earcú, b'fhéidir, iarrfar ort na doiciméid tacaíochta ábhartha a sholáthar chun na dearbhuithe a rinne tú i d'fhoirm chláraithe a chruthú. Má fhionntar gur bréagach an t-eolas a thug tú nó mura féidir leat na doiciméid tacaíochta a iarrfar a sholáthar, dícháileofar thú (agus bainfear d'ainm as an mbunachar sonraí).**

## V. CONAS CLÁRÚ AGUS AN SPRIOCAM CLÁRÚCHÁIN

<sup>5</sup> Féach an eangach thagartha ar shuíomh gréasáin Europass ag an seoladh seo a leanas:

[http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp?loc=en\\_EN](http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp?loc=en_EN).

Ní mór duit iarratas a chur isteach ar líne tríd an nasc atá ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO ([http://europa.eu/epso/apply/jobs/index\\_en.htm](http://europa.eu/epso/apply/jobs/index_en.htm)). Lean na treoracha ar an suíomh gréasáin, go háirithe na treoracha sa treoirleabhar maidir le clárúcháin.

**AN SPRIOCAM CLÁRÚCHÁIN (bailíochtú san áireamh):**

**01.03.13 ag 12 a chlog (meán lae), am na Bruiséile.**

Is fút féin amháin atá sé an t-iarratas ar líne a líonadh isteach roimh an spriocam. Moltar duit gan fanacht go dtí an nóiméad deireanach chun an clárú a dhéanamh, ó má bhíonn na línte sárghnóthach nó má chliseann an nasc idirlín, is féidir go mbeidh ort an clárú ar líne a dhéanamh arís ina iomláine agus nach bhféadfaidh tú sin a dhéanamh i ndiaidh don spriocam dul thart. Ba cheart an fhoirm iarratais a líonadh isteach i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis. Nuair a bheidh d'iarratas bailíochtaithe agat, ní fhéadfaidh tú aon athruithe breise a dhéanamh air.

**VI. NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN**

Tá na céimeanna seo a leanas ina gcuid den nós imeachta roghnúcháin:

Más rud é go mbeidh líon na n-iarrthóirí is incháilithe níos mó ná 3600 i gcás na 5 phróifíl le chéile, déanfar réamhroghnú ar bhonn cáilíochtaí. Déanfar na réamhroghnuithe ar bhonn cáilíochtaí ar bhonn faisnéise arna soláthar ag an iarrthóir sa chluaisín "scagthóir buanna" (DE: *Talentfilter*, EN: *talent screener*, FR: *évaluateur de talent*) ar an bhfoirm chlárúcháin.

Chun na críche sin ainmneofar painéal roghnúcháin chun cuidiú le EPSO, sa réamhroghnú ar bhonn cáilíochtaí go háirithe (na CVanna a scrúdú).

Beidh an réamhroghnú ar bhonn cáilíochtaí bunaithe ar na critéir seo a leanas:

1. Céim dhochtúireachta a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na réimsí a bhfuil cur síos orthu i bpointe IV.B.b
2. Foilseacháin in irisí piar-athbhreithnithe a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na réimsí a bhfuil cur síos orthu i bpointe IV.B.b
3. Taithí acadúil agus/nó oibre a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na réimsí a bhfuil cur síos orthu i bpointe IV.B.b

Ualóidh an bord roghnúcháin gach critéar de réir scála ó 1 go dtí 3.

Ina dhiaidh sin, scrúdóidh an bord freagraí na n-iarrthóirí a thug siad sa chluaisín "scagthóir buanna" ar an bhfoirm chlárúcháin agus 0 go dtí 4 phointe a thabhairt dóibh. Is é scór deiridh an iarrthóra suim na bpointí (0 go dtí 4) a fuarthas i ngach freagra iolraithe faoin ualú comhfhreagrach (1 go dtí 3).

Tabharfar cuireadh don 3600 iarrthóir a gheobhaidh na scóir is fearr chuig an triail inniúlachta ríomhaire-bhunaithe arb éard atá ann tacar ceisteanna eolaíoch a bhaineann leis an bpróifíl a roghnaíodh a bhfuil cur síos uirthi i bpointe I. I gcás ina bhfuil roinnt iarrthóirí ar aon mharc don áit dheireanach, tabharfar cuireadh dóibh uile chuig an triail inniúlachta a eagrófar mar seo:

Formáid na Trialach	Am a cheadaítear don triail	Teanga na trialach	Uasmharc	Pasmharc
Triail Ilroghnach	60 nóiméad	Béarla/Fraincis/Gearmáinis (L2)	30	15 phointe

Beidh na trialacha ar siúl in ionaid scrúdúcháin ar fud 27 Ballstát an AE.

## VII. TORTHAÍ NA dTRIALACHA

Foilseofar torthaí na dtrialacha roghnúcháin i gcuntais EPSO na n-iarrthóirí. Ag an gcéim sin, iarrfar ar na hiarrthóirí ar éirigh leo ceistneoir a líonadh isteach chun eolas breise a thabhairt ar a dtaithí acadúil agus oibre, rud a éascóidh an obair earcaíochta.

## VIII. NA SONRAÍ A BHEIDH SA BHUNACHAR SONRAÍ

Iontrálfar ainmneacha na n-iarrthóirí a ghnóthóidh an pasmharc sa triail inniúlachta i mbunachar sonraí agus ní bheidh rochtain ag na bpobal orthu in aon fhoirm eile. Tabharfar rochtain ar an mbunachar sonraí don Choimisiún Eorpach, agus beidh an rochtain sin teoranta don JCR ar feadh na sé mhí tosaigh. Ag céim is faide anonn féadfaidh Institiúidí/Gníomhaireachtaí Eorpacha eile rochtain a fháil ar an mbunachar sonraí, má chuireann siad in iúl go bhfuil na próifílí sin de dhíth orthu. Mairfidh bailíocht an bhunachair shonraí trí bliana ón dáta a thabharfar fógra do na hiarrthóirí maidir lena dtorthaí.

Tá tús curtha ag an gCoimisiún Eorpach le hidirbheartaíocht féachaint leasú a dhéanamh ar na Rialacháin Foirne d'Oifigigh agus ar Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh. Is féidir go mbainfidh an leasú seo le gairm oifigeach agus seirbhíseach eile. Is féidir go bhfaighidh iarrthóirí atá i mbunachar sonraí an nós imeachta roghnúcháin seo tairiscint poist a bheidh i gcomhréir leis na forálacha nua sna Rialacháin Foirne nuair a bheidh siad glactha ag an reachtóir, gan dochar d'iarmhairtí eile de chineál dlíthiúil nó airgeadais.

## IX. AGALLAIMH FÉACHAINT DAOINE A EARCÚ

Ní hionann bheith sa bhunachar sonraí agus gealltanais go bhfaighidh tú tairiscint poist. De réir mar a thagann folúntais chun cinn, cuardóidh na seirbhísí earcaíochta an bunachar sonraí agus tabharfaidh siad cuireadh chun agallaimh do na hiarrthóirí is fearr a fheileann do na riachtanais phoist i gceist. Déanfar triail ar Theanga 1 le linn an agallaimh. Is féidir go bhfaighidh tú tairiscint poist má d'éirigh go maith leat san agallaimh. Tabhair do d'aire go n-iarrfar ort an chéim dhochtúireachta (atá luaite i bpointe IV.B.b), agus na doiciméid uile ar fianaise iad ar do thaití acadúil agus oibre a bhreith leat má fhaigheann tú cuireadh chun agallaimh.

Na forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le coinníollacha fostaíochta ball foirne ar conradh arna bhfostú ag an gCoimisiún, tá siad ar fáil ag ([http://europa.eu/epso/doc/rules\\_ca\\_comm\\_en.pdf](http://europa.eu/epso/doc/rules_ca_comm_en.pdf)).

## X. NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE/ACHOMHAIRC

Má mheasann tú ag aon chéim den nós imeachta roghnúcháin seo go ndearnadh meancóg nó gur ghníomhaigh EPSO go héagothrom nó nár chomhlíon sé na rialacha a bhfuil an nós imeachta roghnúcháin faoina réir, agus go ndearnadh dochar do do leas mar gheall air sin, is féidir na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint san ord ina bhfuil siad sa tábla thíos:

Nós Imeachta	Pointe Teagmhála	Teorainn ama <sup>6</sup>
1. Athbhreithniú a iarraidh	Tríd an leathanach teagmhála ar shuíomh gréasáin EPSO	10 lá féilire
2. Gearán riarthach a chur isteach faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh <sup>7</sup>	Tríd an bpost chuig: European Personnel Selection Office (EPSO) C-25, 1049 Bruxelles Belgique nó tríd an leathanach teagmhála ar shuíomh gréasáin EPSO	3 mhí
I ndiaidh duit céim 2 thuas a chríochnú (tá céim 1 rognach) is féidir leat:		
3. Má dhiúltaítear do ghearán os ard nó le tost, achomharc breithiúnach a chur isteach faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne <sup>8</sup>	European Union Civil Service Tribunal Boulevard Konrad Adenauer 2925 Luxembourg	3 mhí

Amhail saoránaigh uile an Aontais Eorpaigh, is féidir leat gearán a chur chuig an Ombudsman Eorpach:

European Ombudsman  
1 avenue du Président Robert Schuman —  
CS 30403  
67001 Strasbourg Cedex  
FRANCE<sup>9</sup>

## XI. CUMARSÁID

Rachaidh EPSO i dteagmháil leat trí do chuntas EPSO. Is fút féin atá sé féachaint ar do chuntas EPSO go tráthrialta — dhá uair sa tseachtain ar a laghad — chun dul chun cinn an nós imeachta

<sup>6</sup> Amhail ó dháta foilsithe an chinnidh i gcuntas EPSO an iarrthóra.

<sup>7</sup> Cuir an méid seo a leanas isteach i líne ábhair do litreach: EPSO/CAST/S/5/2013; d'uimhir iarratais; agus 'Gearán faoi Airteagal 90(2)'.

<sup>8</sup> Chun sonraí maidir leis an dóigh le hachomharc a chur isteach agus na teorainneacha ama a ríomh, féach suíomh gréasáin Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh ag: [http://curia.europa.eu/jcms/jcms/T5\\_5230](http://curia.europa.eu/jcms/jcms/T5_5230).

<sup>9</sup> Tabhair do d'aire nach bhfuil aon éifeacht fionraí ag gearáin a chuirtear chuig an Ombudsman ar an tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin nó achomhairc a chur isteach chuig Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin nach mór, faoi Airteagal 2(4) de na coinníollacha ginearálta a bhfuil comhlíonadh dhualgais an Ombudsman faoina réir, dul i dteagmháil ar na dóigheanna iomchuí leis na hinstitiúidí agus leis na comhaltáí lena mbaineann sula gcuirfidh tú aon ghearán chuig an Ombudsman. Tá sonraí iomlána an nós imeachta ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman ag: <http://www.ombudsman.europa.eu/en/home>.



a leanúint agus chun an fhaisnéis a bhaineann le d'iarratas a sheiceáil. Mura féidir leat sin a dhéanamh de dheasca faidhbe teicniúla ar thaobh EPSO, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas láithreach.

Chun aon chomhfhreagras a dhéanamh le EPSO, iarraimid ort an fhoirm theagmhála a úsáid atá ar shuíomh gréasáin EPSO ag: <http://blogs.ec.europa.eu/eu-careers.info/cast/>.

Chun a áirithiú go dtuigfidh gach duine na téacsanna ginearálta agus an chumarsáid uile idir tú agus EPSO i gceart ní úsáidfear ach an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis sna na cuirí chuig na trialacha éagsúla agus sa comhfhreagrais idir tú agus EPSO.

## **XII. FORAS DÍCHÁILITHE A BHAINNEANN LEIS AN bPRÓISEAS CLÁRÚCHÁIN**

Déantar gach iarracht féachaint chuige go n-urramaítear prionsabal an chaithimh chomhionainn. Dá bharr sin, má fhaightear amach ag aon chéim den nós imeachta gur chruthaigh tú níos mó na cuntas EPSO amháin, gur chuir tú níos mó ná iarratas amháin isteach nó go ndearna tú aon dearbhuithe bréagacha, dícháileofar tú ón nós imeachta roghnúcháin.

Is féidir go ngearrfar pionós ort má dhéanann tú calaois nó iarracht ar chalaos. Ba mhaith linn a chur in iúl nach mór d'aon duine a earcóidh na hinstitiúidí a léiriú go bhfuil sé sár-ionraic iontaofa.

## **XIII. SOCRUITHE AR LEITH D'IARRTHÓIRÍ ATÁ FAOI MHÍCHUMAS**

### (a) Míchumas atá ann tráth an t-iarratas a dhéanamh

1.	Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá bail ort a d'fhéadfadh bac ort agus na trialacha á ndéanamh agat, cuir tic sa bhosca a bhaineann leis sin ar an bhfoirm iarratais ar líne agus léirigh na socruithe a mheasann tú a bheith riachtanach chun déanamh na dtrialacha a éascú duit agus cuir isteach uimhir an nós imeachta roghnúcháin agus d'uimhir iarratais (tabhair do d'aire gan na huimhreacha sin a fhágáil ar lár).
2.	A luaithe is féidir é i ndiaidh duit d'iarratas ar líne a bhailíochtú, cuir isteach teastas leighis ó chomhlacht aitheanta (de réir mar a bheidh) a dheimhníonn tú a bheith faoin míchumas sin. Scrúdófar na doiciméid tacaíochta ionas gur féidir socruithe ar leith a dhéanamh a oirfidh do gach cás chun go sásófar (a mhéad is féidir é) iarratais a mheasfar a bheith réasúnta. — trí ríomhphost chuig: <a href="mailto:EPSO-accessibility@ec.europa.eu">EPSO-accessibility@ec.europa.eu</a> , — nó trí fhacs chuig: +32 22998081, agus 'EPSO accessibility' mar sheoladh air, — nó tríd an bpost chuig: European Personnel Selection Office (EPSO) 'EPSO accessibility' C-25 1049 Bruxelles/Brussels BELGIQUE/BELGIË

### (b) Míchumas a thagann chun cinn i ndiaidh iarratas a dhéanamh

1.	Má thagann an míchumas thuasluaite chun cinn i ndiaidh spriocam na n-iarratas ar líne, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas faoi a luaithe is féidir é. Luaigh i scríbhinn na socruithe a mheasann tú a bheith riachtanach, le do thoil.
----	---

2.	<p>Cuir na doiciméid ábhartha</p> <ul style="list-style-type: none"><li>— trí ríomhphost chuig: <a href="mailto:EPSO-accessibility@ec.europa.eu">EPSO-accessibility@ec.europa.eu</a>,</li><li>— ní trí fhacs chuig: +32 22998081, agus 'EPSO accessibility' mar sheoladh air,</li><li>— ní tríd an bpost chuig:</li></ul> <p>European Personnel Selection Office (EPSO) 'EPSO accessibility' C-25 1049 Bruxelles/Brussels BELGIQUE/BELGIË</p>
----	---